**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*
*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2020/0011(NLE)**

19.1.2024

***

# DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú
(13106/2023 – C9-0396/2023 – 2020(NLE))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéirí: Kira Marie Peter-Hansen, Cindy Franssen

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................... 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................ 6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIRÍ IONCHUR ........................................................................................................................ 11

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú (13106/2023 – C9-0396/2023 – 2020(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (13106/2023),

– ag féachaint do Coinbhinsiún 2019 (Uimh. 190) na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh,

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 153(2) agus Airteagal 153(1), pointe (a), Airteagal 157(3) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0396/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0000/2023),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**Réamhrá**

Ar fud an domhain, d'fhulaing níos mó ná duine amháin as gach cúigear atá fostaithe cineál amháin foréigin agus ciaptha ar a laghad ag an obair le linn a saoil oibre, bíodh sé fisiciúil, síceolaíoch nó gnéasach[1].

Déantar difear díréireach do mhná le bean amháin as gach triúr san Aontas a d'fhulaing cineál foréigin fhisiciúil agus/nó ghnéasaigh. I measc na mban san Aontas a d'fhulaing gnéaschiapadh, tarlaíonn sé do bhean amháin as gach triúir ag an obair. Is bac suntasach é sin ar dhul isteach sa lucht saothair agus fanacht ann, baineann sé an bonn ón gcomhionannas inscne agus cothaíonn sé an bhearna phá idir na hinscní.

Fulaingíonn an iomarca daoine foréigean agus ciapadh fós in ainneoin na n-iarmhairtí ollmhóra a bhaineann le feidhmiú a gceart bunúsach, rochtain ar chomhdheiseanna, agus obair chuibhiúil. Thairis sin, baineann iarmhairtí an fhoréigin agus an chiaptha leis an tsochaí i gcoitinne, déanann siad dochar suntasach do sheirbhísí poiblí agus príobháideacha agus géaraíonn siad neamhionannais i margadh an tsaothair agus níos faide i gcéin.

Ní mór deireadh a chur leis an bhforéigean agus leis an gciapadh i saol na hoibre agus tá creat den scoth i gCoinbhinsiún EIS Uimh. 190 maidir le Foréigean agus Ciapadh chun é sin a bhaint amach.

**An Coinbhinsiún**

Is é Coinbhinsiún EIS Uimh. 190 (C190) an chéad chonradh idirnáisiúnta ina n-aithnítear an ceart atá ag gach duine chun saol oibre atá saor ó fhoréigean agus ó chiapadh, lena n-áirítear foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe. Leagtar síos ann an oibleagáid an ceart sin a urramú, a chur chun cinn agus a bhaint amach, chomh maith le híoschaighdeáin chun dul i ngleic le ciapadh agus foréigean chun timpeallacht oibre shláintiúil, shábháilte agus chomhionann a chur chun cinn do chách.

In Airteagal 1, soláthraítear an chéad sainmhíniú idirnáisiúnta freisin ar fhoréigean agus ciapadh i saol na hoibre.

In Airteagal 2, leagtar amach raon feidhme an choinbhinsiúin, lena gcosnaítear oibrithe agus daoine eile i saol na hoibre, lena n-áirítear fostaithe, oibrithe gan beann ar a stádas conarthach, daoine faoi oiliúint, oibrithe ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht, saorálaithe, cuardaitheoirí poist, agus iarratasóirí ar phoist chomh maith le maoirseoirí agus fostóirí. Tá feidhm ag an gcoinbhinsiún maidir le gach earnáil, bíodh sí príobháideach nó poiblí, sa gheilleagar foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, agus do cheantair uirbeacha agus ceantair thuaithe araon.

In Airteagail 4 go 6, leagtar amach príomhphrionsabail an choinbhinsiúin, lena gcuirtear cur chuige cuimsitheach, comhtháite agus inscne-fhreagrúil chun cinn chun foréigean agus ciapadh a chosc agus a dhíothú i saol na hoibre.

---

[1] https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---dgreports/---dcomm/documents/publication/wcms_863095.pdf

In Airteagail 7 go 9, ceanglaítear ar na Ballstáit foréigean agus ciapadh i saol na hoibre a shainiú agus a thoirmeasc i ndlíthe agus i rialacháin agus bearta iomchuí a ghlacadh chun iad a chosc. Áireofar leis sin na hearnálacha nó na slite beatha agus na socruithe oibre a shainaithint ina ndéantar níos mó daoine a neamhchosaint ar fhoréigean agus ar chiapadh ag an obair. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin dlíthe agus rialacháin a ghlacadh lena gceanglaítear ar fhostóirí céimeanna iomchuí a ghlacadh i gcomhréir lena leibhéal rialaithe chun foréigean agus ciapadh a chosc i saol na hoibre.

In Airteagal 10, ceanglaítear ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar na dlíthe agus ar na rialacháin a leagtar amach sa choinbhinsiún agus iad a fhorfheidhmiú agus a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ar shásraí agus nósanna imeachta tuairiscithe agus réitigh díospóidí atá sábháilte, cothrom agus éifeachtach. Tá bearta le déanamh chun gearánaigh, íospartaigh, finnéithe agus sceithirí a chosaint ar íospairt nó ar fhrithbheart. Déanfar foráil maidir le smachtbhannaí i gcásanna foréigin agus ciaptha i gcás inarb iomchuí. Leis an gCoinbhinsiún, ceanglaítear ar na Feisirí rochtain éasca ar leigheasanna iomchuí agus éifeachtacha a áirithiú, chomh maith le bearta tacaíochta dlíthiúla, sóisialta, leighis agus riaracháin do ghearánaigh agus d'íospartaigh.

Ceanglaítear in Airteagal 11 go bhféachfaidh na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, lena áirithiú go dtabharfar aghaidh sna beartais náisiúnta ábhartha ar fhoréigean agus ar chiapadh i saol na hoibre agus iarrtar ar na Feisirí a áirithiú go soláthrófar treoir, acmhainní, oiliúint, nó uirlisí eile d'fhostóirí, d'oibrithe agus do na comhpháirtithe sóisialta, agus d'údaráis ábhartha eile, i bhformáidí inrochtana.

**Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí an Aontais**

Tá an cuspóir maidir le saol oibre atá saor ó fhoréigean agus ó chiapadh cuimsithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe agus i gCairt Shóisialta na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa.
Ós rud é go bhféadfadh foréigean agus ciapadh ag an obair difear a dhéanamh do dhálaí oibre, agus go háirithe do thimpeallacht shláintiúil oibre, chomh maith le comhionannas agus neamh-idirdhealú, ní mór don Aontas bearta a dhéanamh chun an iompraíocht sin a shainiú agus a thoirmeasc.
Ba cheart don Aontas daingniú coinbhinsiún idirnáisiúnta saothair na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta a chur chun cinn chun obair chuibhiúil do chách, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus comhionannas inscne a chur chun cinn chomh maith le hidirdhealú a chomhrac. Thacaigh Ballstáit uile an Aontais le cuspóirí an Choinbhinsiúin seo agus bhí ról lárnach acu ina ghlacadh. Sa chomhlacht trípháirteach a mhol an Coinbhinsiún le haghaidh daingniúcháin, níor vótáil aon Bhallstát ina choinne agus níor staon aon Bhallstát. Go dtí seo, tá Coinbhinsiún Uimh. 190[2] daingnithe ag seacht mBallstát.

**Tuairimí na gComhrapóirtéirí**

Is geal linn gur glacadh Coinbhinsiún EIS Uimh. 190 mar chéim ríthábhachtach i dtreo saol oibre Eorpach a mhúnlú bunaithe ar comhionannas, dínit agus meas.

Is féidir foréigean agus ciapadh i saol na hoibre a spreagadh le tosca a bhaineann leis an

[2] 15/01/2024

timpeallacht oibre, le dálaí oibre, agus le hidirghníomhaíochtaí le tríú páirtithe amhail custaiméirí agus cliaint. Is féidir le saincheisteanna sochaíocha níos leithne lasmuigh de shaol na hoibre cur le bunchúiseanna an fhoréigin agus an chiaptha freisin. I measc na saincheisteanna sin tá an gaol stádais, noirm inscne, noirm chultúrtha agus shóisialta chomh maith le hidirdhealú agus stiogmatú.

Ina theannta sin, is iomaí gné a bhaineann leis an dóigh a mbíonn foréigean agus ciapadh ar siúl i saol na hoibre. D'fhéadfadh foréigean agus ciapadh fisiciúil, síceolaíoch agus gnéasach a bheith san áireamh ann. Go deimhin, is é an cineál foréigin agus ciaptha is coitianta ná an cineál síceolaíoch agus d'fhulaing beagnach duine amháin as gach cúigear é ina saol oibre[3].

Dá bhrí sin, is geal leis na Comhrapóirtéirí go gcuirtear na gnéithe sin go léir san áireamh sa Choinbhinsiún agus, dá bhrí sin, teastaíonn uathu go nglacfar straitéis chuimsitheach chun bearta a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar an iliomad cúiseanna agus léirithe foréigin agus ciaptha.

Ina theannta sin, creideann na Rapóirtéirí go daingean nach mór tuilleadh céimeanna reachtacha a ghlacadh ar leibhéal an Aontais chun an creat reachtach atá ann cheana a chomhlánú. Iarrann siad go háirithe go nglacfar go pras an treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, chomh maith le togra le haghaidh ionstraim reachtach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta i saol na hoibre.

Le húsáid fheabhsaithe teicneolaíochtaí digiteacha ar líne i saol na hoibre géaraíodh an baol foréigin agus ciaptha, ós rud é go soláthraíonn siad sin ardán nua dóibh. Mura gcuirtear na beartais chearta i bhfeidhm, is dócha go gcruthóidh teicneolaíochtaí digiteacha na dálaí do theacht chun cinn iompar frithshóisialta, lena n-áirítear foréigean fisiciúil tríú páirtí agus bulaíocht nó ciapadh san ionad oibre.

Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go bhfreagródh an Coinbhinsiún don fhírinne nach dtarlaíonn gníomhartha foréigin agus ciaptha go heisiach in ionad oibre fisiciúil traidisiúnta.

Creideann na Rapóirtéirí freisin nach mór don Aontas níos mó a dhéanamh chun cosaint oibrithe i ngach suíomh a áirithiú, lena n-áirítear suíomhanna digiteacha, agus meabhraíonn siad gur éiligh Parlaimint na hEorpa togra reachtach nua maidir le bainistiú algartamach i saol na hoibre.

Tá sé de cheart ag gach duine ina n-éagsúlacht uile saol oibre a bheith acu atá saor ó fhoréigean agus ó chiapadh, agus mar shochaí, tá sé d'oibleagáid orainn a áirithiú go gcloífear leis an bprionsabal sin.

Mar sin féin, níl an baol foréigin agus ciaptha dáilte go cothrom. Tá foréigean agus ciapadh i saol na hoibre fós dírithe go díréireach ar ghrúpaí áirithe daonra agus oibrithe in earnálacha áirithe, amhail oibrithe tí agus oibrithe sa gheilleagar neamhfhoirmiúil, agus leis na cineálacha iomadúla idirdhealaithe agus cineálacha trasnacha idirdhealaithe atá ann, tá roinnt daoine aonair níos leochailí i leith rioscaí ná daoine eile. Mar shampla, is iondúil go mbíonn riosca níos airde neamhchosanta ann d'oibrithe LADTI ná mar a bhíonn ann d'oibrithe neamh-LADTI. Ar an gcaoi chéanna, tuairiscítear gur mó an seans go bhfulaingeoidh daoine faoi

[3] https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---dgreports/---dcomm/documents/publication/wcms_863095.pdf

mhíchumas ciapadh a bhaineann leis an obair agus gach cineál foréigin i saol na hoibre ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas[4].
Féadfar an riosca neamhchosanta a mhéadú níos mó arís má bhíonn ar an oibrí céanna dul i ngleic le hidirdhealú ar fhorais eile, amhail bunadh eitneach.

Is gné ríthábhachtach é an t-iarratas sa Choinbhinsiún a mhíníonn gur gá riachtanais agus cúinsí sonracha na mball de na grúpaí sin a d'fhéadfadh foréigean a fhulaingt níos minice, nó ar bhealaí uathúla, a shainaithint agus a chur san áireamh. Ba mhaith leis na Rapóirtéirí béim a leagan ar an ngá atá leis an ngné sin a thrasuí go hiomlán i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag Ballstáit an Aontais.
Mar sin féin, an rud nach féidir linn a fheiceáil, ní féidir linn a athrú. I ndáil leis an méid sin, tá sé ríthábhachtach taighde agus bailiú córasach sonraí a dhéanamh chun beartais agus idirghabhálacha fianaisebhunaithe a fhorbairt chun deireadh a chur leis an bhforéigean agus leis an gciapadh ag an obair. Chun inchomparáideacht sonraí riaracháin a áirithiú ar fud an Aontais, spreagann na Rapóirtéirí an Coimisiún go láidir chun bearta a dhéanamh chun an bhearna sonraí sin a dhúnadh, trí na treoirlínte comhchoiteanna atá ann cheana a chomhlánú le bailiú sonraí a dhíríonn ar ghrúpaí atá i mbaol.

Cé go bhfuil dul chun cinn ceannródaíoch déanta ag an ngluaiseacht #MeToo, go háirithe mar spreagadh do ghlacadh Choinbhinsiún Uimh. 190, tá go leor oibre fós le déanamh. Is cúis imní do na Rapóirtéirí an fhrithfhreagairt don dul chun cinn maidir leis an gcomhionannas agus leis an gcomhrac i gcoinne an fhoréigin agus an chiaptha agus creideann siad gur gá an tosaíocht agus aird pholaitiúil is airde a thabhairt i leith na saincheiste sin.
Sa chomhthéacs sin, is geal leis na Rapóirtéirí freisin go n-aithnítear i gCoinbhinsiún Uimh. 190 go ndéanann foréigean agus ciapadh difear díréireach do mhná. Dá bhrí sin, tá cur chuige iomlánaíoch agus inscne-fhreagrúil de dhíth orainn chun foréigean agus ciapadh a chomhrac. Is éard atá i gceist leis sin ná dul i ngleic leis na bunchúiseanna agus leis na tosca riosca amhail steiréitíopaí inscne agus an gaol stádais inscnebhunaithe. Creideann na Rapóirtéirí go daingean gur cheart bearta breise a dhéanamh chun cosc a chur ar steiréitíopaí díobhálacha inscne a shaothrú. Agus é á chur san áireamh go nochtar róil inscne do leanaí ó aois an-óg, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne trí oideachas agus cúram na luath-óige.

Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta freisin maidir le haghaidh a thabhairt ar fhoréigean agus ar chiapadh tríd an idirphlé sóisialta. Dá bhrí sin, spreagann na Rapóirtéirí na comhpháirtithe sóisialta aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, mar shampla, trí fheachtais múscailte feasachta agus oiliúint, san ionad oibre. Cuirtear in iúl go soiléir sa Choinbhinsiún gur toisc shuntasach é diúltú an chirt chun saoirse comhlachais agus cómhargála maidir leis an mbaol go bhfulaingeoidh duine foréigean agus ciapadh a mhéadú.

Ba cheart go mbeadh margadh saothair na hEorpa ina áit chun dul chun cinn a chothú. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas dul ar aghaidh agus tacú le Coinbhinsiún EIS Uimh. 190 a dhaingniú ar fud an domhain. Is bunphrionsabal é an ceart chun timpeallacht oibre atá sláintiúil agus sábháilte, agus dá bhrí sin níor cheart glacadh le foréigean agus ciapadh ag an obair áit ar bith.

Ní mór don Aontas gach modh is féidir a úsáid, lena n-áirítear machnamh a dhéanamh ar

[4] https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---dgreports/---gender/documents/briefingnote/wcms_738118.pdf

choinníollachtaí a thabhairt isteach chun Coinbhinsiún EIS Uimh. 190 a dhaingniú agus a chur chun feidhme ina bheartas trádála le tríú tíortha.

Dá bhrí sin, molann na Rapóirtéirí go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú don togra ón gComhairle le haghaidh cinnidh.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIRÍ IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn na rapóirtéirí go bhfuair siad ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| ILO Office for the European Union and the Benelux countries |
| ACV-CSC |
| ETUC |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach na Rapóirtéirí.